Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Scrioscadh (An ceart dearmad a dhéanamh)

# (Airteagal 17)

# Nós imeachta oibriúcháin caighdeánach

## Réamhrá

Faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), tá suibiach sonraí i dteideal scriosadh a dhéanamh ar aon sonraí pearsanta atá i seilbh CCG (Airteagal 17, RGCS). Soláthraíonn an gnáthnós imeachta oibriúcháin seo sonraí faoin gcaoi ar feidir le húsáideoirí seirbhíse agus baill foirne iarratais a dhéanamh ar scriosadh a gcuid sonraí pearsanta, na céimeanna is gá a ghlacadh chun iarratas a dhéanamh chun a sonraí pearsanta a scriosadh agus an próiseas chun iad a chur i bhfeidhm ag CCG chun na sonraí a scriosadh.

### D'iarratas a chur isteach:

Ní gá do suibiacht sonraí an RGCS ná na hAchtanna um Chosaint Sonraí a lua nuair a dhéantar aighneacht ag iarraidh scriosadh a dhéanamh ar a gcuid sonraí. Ba cheart do suibiacht sonraí a chur in iúl don Chomhairle go bhfuil na sonraí atá siad ag iarraidh a scriosadh sonraí pearsanta atá i seilbh CCG. Is feidir le suibiacht sonraí iarraidh ar scriosadh a chur isteach ar na bealaí seo a leanas:

1. Trí ríomhphoist chuig ball foirne nó chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí
2. Ó bhéal ar an bhfón nó go pearsanta chuig ball foirne
3. I scríbhinn trí litir nó tríd Post-it. Teastaíonn ainm agus sonraí teagmhála na suibiacht sonraí
4. Ar bhealaí na meán sóisialta
5. Trí chomharleoir áitiúil/ ionadaí poiblí. Ní mór foirm toilithe a chur ar fáil gur ainmníodh an comhairleoir áitiúil/ ionadaí poiblí chun sonraí pearsanta a iarraidh ar do shon

Nuair a bhíonn tú ag cur isteach trí na modhanna thuas, cinntigh le do thoil go gcuireann tú in iúl go bhfuil tú ag iarraidh do shonraí pearsanta a scriosadh. D'fhéadfá a shonrú freisin an cineál áirithe sonraí pearsanta é nó na sonraí pearsanta go léir atá á gcoinneáil ag CCG fút.

### Comharta Aitheantais Baillí




Nuair a chur tú d'iarratas scriosta isteach, ba cheart duit Comharta Aitheantais baillí a chur ar fáil. Ba chóir go mbeadh an Comharta Aitheantais deimhnithe ag an nGarda Síochána, dochtúir, Coimisinéir Mionnaí. I roinnt iarratas, beidh aitheantais tithíochta agus UPSP ina bhfoirmeacha leordhóthanacha aitheantais.

**Cumarsáid iarchúraim**



Tar éis di iarraidh ar scriosadh a fháil, rachaidh an Chomairle i dteagmháil leis an suibiacht sonraí maidir leis an mbonn go ndearnadh an t-iarratas agus chun aitheantas a thabhairt do na doiciméid a bhfuil an suibiacht sonraí ag iarraidh iad a scriosadh. Cabhróidh an Chomhairle freisin leis an suibiacht sonraí maidir leis na cúiseanna is infheidhme don iarraidh ar scriosadh.


**Cúiseanna le haghaidh scriosadh**



1. Ní gá a thuilleadh
2.Tarraingíonn an suibiacht sonraí siar toiliú faoi na airteagail 9(2) agus 6(1)(a)
3. Déanann an suibiacht sonraí agóid i gcoinne próiseála agus gan aon chúis dhlisteanacha
4. Próiseáladh sonraí go neamhdhleathach
5. Ní mór é a scriosadh chun oibleagáidí dlíthiúla stáit nó AE a chomhlíonadh
6. Bailithe chun seirbhísí sochaí faisnéise a thairiscint, a leagtar amach in Airteagal 8(1)

**Athbhreithniú ar an iarratas**

A luaithe a chuireann suibiacht sonraí in iúl na forais go bhfuil siad ag iarraidh na sonraí a scriosadh, déanfar athbhreithniú ar an iarraidh leis an bhfoireann laistigh den rannóg, leis an stiúrthóir seirbhíse chun a chinneadh an bhfuil an iarraidh bailí agus an bhfuil sé bailí, an bhfuil bunús dlí ag an gComhairle chun na sonraí pearsanta a choinneáil.




**An cinneadh maidir le scriosadh**

Má dhéantar cinneadh na sonraí pearsanta a scriosadh, ba cheart loga a choinneáil ina a sonraítear dáta a chinneadh agus am cineál sonraí a scriosadh. Ba chóir don Oifigeach Cosanta Sonraí an loga seo a choinneáil.



**Teorainnacha ama**

Níl aon teorainn ama ann chun sonraí pearsanta a scriosadh. Tugtar le fios in Airteagal 17 nach mór do CCG na sonraí a scriosadh gan an iomarca moill. Nuair a dhéantar cinneadh na sonraí pearsanta a scriosadh, scriosfaidh an Chomhairle na sonraí pearsanta laistigh de 3 seachtaine.



## Deimhniú scriosta

I ndiaidh na sonraí pearsanta a scriosadh, cuirfear an suibiacht sonraí ar an eolas gur scriosadh a gcuid sonraí pearsanta.

## Ceisteanna iarscaoilte

Má tá tu míshásta le toradh d'iarratais ar scriosadh, is feidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@galwaycity.ieDéanfar athbhreithniú ar do chomhad chun a fháil amach an feidir an tsaincheist/ na saincheisteanna a réiteach.

## Gearáin leis an Oifigeach Cosanta Sonraí

Ma tá tú míshásta leis na fiosruithe iarscaoilte nó le toradh d'iarratais scriosta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28, info@dataprotection.ie, www.dataprotection.ie, +353 (0)761 104 800, +353 (0)57 868 4800.